Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Samhain 2021
(OR. en)

13110/1/21
REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach: 2017/0114(COD)**

CODEC 1356
TRANS 616
FISC 176
ENV 770

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha 1999/62/CE, 1999/37/CE agus (AE) 2019/520, a mhéid a bhaineann le muirir ar úsáid bonneagar áirithe a ghearradh ar fheithiclí **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 31 Bealtaine 2017, chuir an Coimisiún an togra[1] uaidh, atá bunaithe ar Airteagal 91(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 18 Deireadh Fómhair 2017[2].

3. Thug Coiste na Réigiún uaidh a thuairim an 1 Feabhra 2018[3].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 25 Deireadh Fómhair 2018[4].

5. Dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar thángthas air i gcruinnithe tríthaobhacha an 30 Meitheamh 2021.

[1] 9672/17
[2] IO C 81, 2.3.2018, lgh. 188–194
[3] IO C 176, 23.5.2018, lgh. 66-71
[4] 13535/18

6. Ina dhiaidh sin, an 12 Iúil 2021, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) an comhaontú sealadach agus sheol cathaoirleach an Choiste litir an 14 Iúil chuig cathaoirleach Coreper á dhearbhú gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in 10542/21 + COR 1 é agus an ráiteas ar chúiseanna, mar a leagtar amach in 10542/21 ADD 1 + COR 1 é, a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag cruinniú a bheidh ann amach anseo, agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil agus an Ostair, an Danmhairg, an Ungáir, Lucsamburg agus an Ísiltír ag vótáil ina choinne.

8. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.